# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2025

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Stair

## Ardleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

## Nótaí Mínithe/Giorrúcháin don Mharcáil ar Líne

| Siombail | Cur síos | Ciallaíonn sé |
|---|---|---|
| [ ] | Lúibíní cearnógacha | Léiríonn siad tús agus deireadh an ailt ar cheart Marcanna Carnacha (MCanna) a bhronnadh dóibh. |
| ✓ | Tic (bán) | Bailí/ceart/ábhartha/lena ngabhann fiúntas (ní bhronntar aon mharc ar thic bán). |
| 0 | Náid | Náid bronnta. |
| ✓5 | Tic le huimhir | Tic le luach na marcanna a bhronntar (m.sh. 5 mharc). |
| P5 | Barraíocht marcanna ailt | Nuair atá an marc ab airde MCanna incheadaithe bronnta ar fhreagra, bronnfar marcanna measta ar aon ábhar breise le luach náid i gceist (m.sh. 5 “mharc”). |
| ✗ | Cros/X | Neamhbhailí/mícheart/neamhábhartha. |
|  | Corrach ceartingearach | Leathanach/roinn feicthe ag an scrúdaitheoir. |
| INVL | Neamhbhailí | Léiríonn sé gur baineadh triail as meascán neamhbhailí de cheisteanna (m.sh. trí cheist ó thopaic amháin). |
| ✗10 | Lúide marc | Sa chás go ndearnadh iarracht meascán neamhbhailí de cheisteanna a fhreagairt, bainfear na freagraí neamhbhailí leis an scór is ísle ón marc iomlán agus úsáid a bhaint as nótaí marc lúide (m.sh.10 marc). Cuirfear na marcanna seo ar an líne choigeartaithe (**ADJ**) ag bun an phainéil marcála. |
| **NR/GF** | Gan aon Fhreagra | Níor freagraíodh an cheist. |
| **ADJ** | Oiriúnú | Cuirtear oiriúnú i bhfeidhm dá ndéanfaí iarracht meascán neamhbhailí a fhreagairt. |

| *TUARASCÁIL AR AN STAIDÉAR TAIGHDE (TST)*<br>*(100 marc)* |
|---|

***LÉIGH GACH RUD SULA MARCÁLANN TÚ AON NÍ!***

**PLEAN IMLÍNEACH (15 mharc)**

Foinsí a lua = 6 mharc Gnéithe eile = 9 marc

**Foinsí a lua**

Iarrtar trí fhoinse chuí a lua.

Gach foinse chuí a lua go cruinn = 2 mharc

**Údar + teideal amháin = 1 mharc**

**Mír eolais bhreise air sin mar fhianaise (m.sh.: foilsitheoir, dáta) = 1 mharc**

2 mharc x 3 = 6 mharc ar a mhéad le haghaidh trí fhoinse

N.B. 'Ní ghlacfar le gnáth-théacsleabhair scoile mar fhoinsí oiriúnacha chun críche an staidéir taighde.' RO/CNCM *Treoirlínte*, lch 14.

**Sainigh agus tabhair údar ar an ábhar staidéir atá molta agus na haidhmeanna agus an cur chuige atá beartaithe a aithint.**

An leagann an t-iarrthóir amach go soiléir an t-ábhar a bhfuil sé i gceist acu staidéar a dhéanamh air agus cén fáth? An leagann an t-iarrthóir amach aidhmeanna an staidéir agus an chaoi ar dóigh go mbainfear amach iad?

Maidir leis na trí chritéar, cé chomh maith is a éiríonn leis an iarrthóir an méid sin a dhéanamh go soiléir agus go stuama?

| ***Sainigh agus údar a thabhairt***<br>(uasmharc = 3 mharc) | ***Aidhmeanna a aithint***<br>(uasmharc = 3 mharc) | ***Cur chuige a aithint***<br>(uasmharc = 3 mharc) |
|---|---|---|
| An-mhaith = 3 | An-mhaith = 3 | An-mhaith = 3 |
| Maith = 2 | Maith = 2 | Maith = 2 |
| Réasúnta = 1 | Réasúnta = 1 | Réasúnta = 1 |

**MEASTÓIREACHT AR NA FOINSÍ (25 marc)**

Tagairt a dhéanamh do láidreachtaí agus/nó laigí na bhfoinsí agus léargas a thabhairt ar an mbaint atá ag na foinsí leis an ábhar.

Cé chomh maith is a éiríonn leis an iarrthóir an méid sin a dhéanamh go soiléir agus go stuama?

| | |
|---|---|
| Tagairt do GACH CEANN DE NA TRÍ fhoinse | ***Sármhaith:*** 22-25 marc<br>***An-mhaith:*** 17-21 marc<br>***Maith:*** 13-16 mharc<br>***Réasúnta:*** 9-12 mharc<br>***Lag:*** 0-8 marc |
| Gan ann ach tagairt do DHÁ fhoinse | ***Sármhaith:*** 15-17 marc<br>***An mhaith:*** 12-14 mharc<br>***Maith:*** 9-11 mharc<br>***Réasúnta:*** 6-8 marc<br>***Lag:*** 0-5 mharc |
| Gan ann ach tagairt d'AON fhoinse amháin | ***Sármhaith:*** 8-9 marc<br>***An-mhaith:*** 6 mharc-7 marc<br>***Maith:*** 4-5 mharc<br>***Réasúnta:*** 2-3 mharc<br>***Lag:*** 0-1 mharc |

**AISTE FHADA (60 marc)**

Aiste stairiúil = 50 marc Athbhreithniú ar an bpróiseas taighde = 10 marc

D'fhéadfadh an próiseas taighde a bheith lárnach don aiste nó i láthair mar ghné ar leith.

Ba cheart an aiste stairiúil a mheas mar aonad agus marc as 50 a bhronn mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| ***Eolas stairiúil – 25 marc***<br>Críochnúil<br>cruinn<br>agus ag baint leis an teideal | ***Sármhaith:*** 21-25<br>***An-mhaith:*** 16-20<br>***Maith***: 11-15<br>***Réasúnta.*** 6-10<br>***Lag***: 0-5 |
| ***Scileanna taighde – 15 marc – Ar nós***<br>Taighde sách domhain léirithe<br>Úsáid na bhfoinsí<br>Plé cóir cothrom ar na ceisteanna | ***Sármhaith:*** 13-15<br>***An-mhaith:*** 10-12<br>***Maith***: 7-9<br>***Réasúnta.*** 4-6<br>***Lag***: 0-3 |
| ***Cur i Láthair – 10 marc***<br>Litearthacht<br>Comhleanúnachas<br>Struchtúr | ***Sármhaith:*** 9-10<br>***An-mhaith:*** 7-8<br>***Maith***: 5-6<br>***Réasúnta.*** 3-4<br>***Lag:*** 0-2 |

***Athbhreithniú ar an bpróiseas taighde (10 marc)***

Is féidir é seo a bheith mar chuid neamhspleách nó mar chuid lárnach den aiste.

Ba cheart don scrúdaitheoir athbhreithniú an phróisis taighde a mheas ina iomláine, agus marcanna a bhronnadh mar seo a leanas:

***Sármhaith:*** 9-10
***An-mhaith:*** 7-8
***Maith:*** 5-6
***Réasúnta:*** 3-4
***Lag:*** 0-2

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA 2025

# SCÉIM MHARCÁLA

# STAIR
# An Nua-aois Dhéanach

# ARDLEIBHÉAL

***Roinn 1: CEIST BUNAITHE AR CHÁIPÉISÍ (CBC) (100 marc)***

***1. Léirthuiscint (20 marc)***

(a) Thar ceann rialtas na Breataine/rialtas na Corónach 5M

(b) Córas parlaiminteach/tá vóta ag gach duine fásta/tá ionadaí ag gach ceantar i dTeach na dTeachtaí/daonlathas 5M

(c) Bíonn na máirseálacha gan éifeacht/is máirseálacha iad a bhfuil bolscaireacht taobh thiar díobh/d'fhéadfaidís aighneas a chothú nó cur isteach a chruthú/bheith ina gcúis cruatain do na máirseálaithe 5M

(d) Tabhairt ar an bparlaimint/an rialtas a dhualgais a chomhlíonadh 5M

***2. Comparáid (20 marc)***

(a) Ceistíonn an dá dhoiciméad luach na máirseála ar Londain, i ndoiciméad A níos mó ná doiciméad B. D'fhéadfadh an méid seo a leanas a bheith san áireamh mar phointí:

- I ndoiciméad A, tá dearcadh an rialtais maidir le máirseálacha i Londain diúltach go huile is go hiomlán. Deir an ráiteas "ní féidir le máirseálacha dá leithéid aon ní fónta a dhéanamh ar son na gcúiseanna", go mbeidh "cruatan gan ghá" mar thoradh orthu" agus nach bhfuil "fáilte dá laghad rompu".
- Deir an rialtas gurb é an córas parlaiminteach, ina bhfuil feisire parlaiminte ag gach vótálaí chun ionadaíocht a dhéanamh dó/di, an t-aon dóigh chun tionchar a imirt ar bheartas an rialtais, agus nach bhfuil aon "tionchar bunreachtúil" ag máirseálacha.
- Measann an rialtas go bhfuil máirseálacha gan éifeacht mar nach féidir le haon aon aire rialtais a bheith "toilteanach" bualadh le grúpa máirseálaithe ar bith.
- I nDoiciméad B, feictear easnaimh na máirseálacha freisin, "gur cinnte nach fiú faic na máirseálacha traochta seo". Tugann Doiciméad B le fios go bhféadfadh "bolscaireacht" a bheith taobh thiar de na máirseálacha nó "go mb'fhéidir go mbainfí leas astu le haighneas a chothú".
- I ndoiciméad B, áfach, admhaítear fíorghearáin mháirseálaithe Jarrow freisin, "Ní haon ionadh é go mbraithfeadh na fir seo go ndearnadh neamhshuim díobh". Tá máirseálaithe seo dífhostaithe le mórán míonna agus tá a gcuid tionscal ar fad caillte ag bailte iomlána.
- Cáineann Doiciméad B an pharlaimint mar cheann atá "neamartach, gan samhlaíocht agus leisciúil" go minic, agus molann sé gur gá rialtais a spreagadh chun gnímh "le brú ón bpobal".
- Molann an scríbhneoir na máirseálaithe as aird a tharraingt ar "an gcruachás millteanach" in Jarrow agus feiceann sé na máirseálaithe ní mar dhaoine achrannacha ach mar fhir "a bhfuil imní orthu go ndéanfar dearmad orthu".

*Gach cáipéis le marcáil ar scála aistritheach as 5:*

Sármhaith = 5 mharc An-mhaith = 4 mharc Maith = 3 mharc
Réasúnta = 2 mharc Lag = 0-1 mharc

Freagra ag tagairt do cháipéis amháin = 5 mharc ar a mhéad 10M

(b) Tugtar léiriú is soiléire i nDoiciméad B ar fhadhbanna sóisialta agus eacnamaíocha na Breataine le linn na tréimhse idirchogaidh.

D’fhéadfaí an méid seo a leanas a bheith san áireamh mar phointí eile:

- Níl aon tagairt dhíreach i nDoiciméad A do na fadhbanna sóisialta agus eacnamaíocha a bhí roimh an mBreatain le linn na tréimhse idirchogaidh. Cáineann sé reáchtáil na máirseálacha agóide agus cosnaíonn sé an córas parlaiminteach mar an t-aon mhodh chun gnó rialtais a dhéanamh.
- Déanann an ráiteas ainm na bhfadhbanna a spreag na máirseálacha a sheachaint go cúramach, “Dar le Rialtas na Corónach, ní féidir le máirseálacha dá leithéid aon ní fónta a dhéanamh ar son na gcúiseanna a luaitear leis na máirseálacha.” Ní ainmnítear na “cúiseanna” nó ní théitear i ngleic leo.
- Seachnaíonn ráiteas an rialtais arís aon fhadhb a aithint sa fhrása dhímheasúil, “is cuma cén aidhm ar leith atá leo” sa mhír dheireanach.
- I gcomparáid leis sin, tagraíonn Doiciméad B go díreach do “dhá chéad fear dífhostaithe” atá ag máirseáil ó Jarrow go Londain chun achainí a chur i láthair na parlaiminte.
- Tagraíonn an t-eagarfhocal d’fhir atá “dífhostaithe le mórán míonna ...tar éis do bhailte iomlána a gcuid tionscal ar fad a chailleadh”. Léiríonn sé sin na fadhbanna sóisialta agus eacnamaíocha a bhí ag cur isteach ar an mBreatain ag an am sin.
- Tagraíonn Doiciméad B freisin don mhothú de “neamhshuim” a bhí ag na daoine i mbailte ar nós Jarrow agus imní na ndaoine dífhostaithe “go ndéanfar dearmad orthu”.

*Gach cáipéis le marcáil ar scála aistritheach as 5:*

Sármhaith = 5 mharc　An-mhaith = 4 mharc　Maith = 3 mharc
Réasúnta = 2 mharc　Lag = 0-1 mharc

Freagra ag tagairt do cháipéis amháin = 5 mharc ar a mhéad　10M

***3. Cáineadh (20 marc)***

(a) Tá agus/nó níl, an bhfuil na pointí a rinneadh i ndoiciméad A áititheach nó nach bhfuil. Ba chóir go dtagródh na freagraí don doiciméad agus is féidir eolas comhthéacsúil ábhartha a úsáid iontu freisin.

D’fhéadfadh pointí mar seo a bheith i gceist:

- Déantar pointe láidir i ráiteas an rialtais maidir leis an dóigh a rialaítear an Bhreatain trí ionadaíocht pharlaiminteach, seachas mar fhreagairt ar achainíocha agus brú ón bpobal. Mar a gheall sé, níor bhuail an rialtas le máirseálaithe Jarrow nuair a shroich siad Londain.
- Níl pointí an rialtais áititheach. Níor chuir an rialtas aon fhreagairt éifeachtach ar fáil do mháirseálaithe Jarrow, agus dá bhrí sin dhiúltaigh siad bualadh leo. Bhí an rialtas ag léiriú claidhreachta seachas misneach beart a dhéanamh de réir a fhocail mar gur dhiúltaigh sé bualadh leis na máirseálaithe.
- Sa ráiteas seo, diúltaíonn an rialtas an fáth a raibh na hagóideoirí ag máirseáil go Londain fiú a admháil. Ní shainítear na “cúiseanna” ná “an cuspóir ar leith”

leis an máirseáil, rud a thugann le fios nach raibh an rialtas ag iarraidh aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna i mbailte amhail Jarrow.

- Deir an rialtas go leanann sé gnáthnósanna agus go bhfuil sé “sásta i gcónaí ... bualadh le feisirí parlaiminte”, ach ní leor an freagra seo /ní freagra áititheach é i bhfianaise mhéid na bhfadhbanna a bhí ag Jarrow in 1936.
- Cruthaíodh freagairt ar nós cuma liom an rialtais, mar a léirítear i ndoiciméad A, le himeachtaí ina dhiaidh sin in Jarrow, agus gan an baile ach ag teacht chuige féin nuair a tháinig méadú ar an éileamh ar oibreacha cruach agus ar loingseoireacht mar gheall ar an gcogadh.

*Déan caighdeán an fhreagra a mharcáil ar scála aistritheach as 10 marc:*

| | | |
|---|---|---|
| Sármhaith = 9-10 marc | An-mhaith = 7-8 marc | Maith = 5-6 mharc |
| Réasúnta = 3-4 mharc | Lag = 0-2 mharc | 10M |

(b) Ba chóir do na iarrthóirí luach an eagarfhocail nuachtáin seo a mheas mar fhoinse stairiúil ar Mháirseáil Jarrow.
D’fhéadfadh pointí mar seo a leanas a bheith i gceist:

- Féadfaidh an t-iarrthóir iarracht a dhéanamh cad is eagarfhocal nuachtáin ann a shainiú: píosa ar thuairim ina dtugtar dearcadh an eagarthóra ar imeacht i nuacht na linne. Murab ionann agus tuairisc/alt nuachtáin, ní thugann eagarfhocal cuntas iomlán ar an imeacht atá i gceist.
- Tá luach leis toisc gur foinse phríomhúil atá ann, agus scríobhadh é nuair a bhí Máirseáil Jarrow ar siúl. Bheadh eolas saineolach ag eagarthóir nuachtáin ar imeachtaí reatha agus bheadh sé cleachtaí le himthosca agus pearsantachtaí a bhaineann le himeachtaí reatha a mheas de ghnáth.
- Mar eagarthóir ar The Irish Times, áfach, ní raibh taithí dhíreach ag an eagarthóir seo ar an máirseáil agus bhí sé ag brath ar thuairiscí a rinne iriseoirí eile chun eolas faoin máirseáil a sholáthar dó.
- Tugann an t-eagarfhocal seo léargas dúinn ar an dóigh ar breathnaíodh ar Mháirseáil Jarrow ag an am. Déanann an t-eagarthóir iarracht bheith cothrom agus é ag déileáil leis na himeachtaí lena mbaineann. Is cosúil go n-aontaíonn sé leis an rialtas gur cinnte “nach fiú faic” máirseálacha den sórt sin, ach ceapann sé freisin go nglacann ráiteas an rialtais “dearcadh ró-chúng ... ar an gceist”, agus gur féidir le rialtais a bheith “gan samhlaíocht agus leisciúil”.
- Léiríonn sé go raibh bá phoiblí ann do na máirseálaithe ag an am. Deir sé gurbh é aidhm na máirseálaithe “achainí ar son oibre” a dhéanamh agus aird a tharraingt ar an “gcruatan millteanach” in Jarrow.
- Tá easpa eolas fíorasach mionsonraithe faoin máirseáil san eagarfhocal seo. Ba chóir do staraí tuairiscí nuachtáin agus eagarfhocail nuachtáin a léamh chun níos mó eolais a fháil faoi na príomhfhorbairtí laethúla le linn na máirseála.

*Déan caighdeán an fhreagra a mharcáil ar scála aistritheach as 10 marc:*

| | | |
|---|---|---|
| Sármhaith = 9-10 marc | An-mhaith = 7-8 marc | Maith = 5-6 mharc |
| Réasúnta = 3-4 mharc | Lag = 0-2 mharc | 10M |

***4. Comhthéacsú (40 marc)***

*An aontófá gur teip ghlan a bhí i Máirseáil Jarrow? Déan do chás a áitiú.*

I gceist 4, tosaítear le marcáil de réir ailt.

**Marc Carnach** = Uasmharc 24 marc **Meastóireacht Fhoriomlán** = 16 marc ar a mhéad

**Marc Carnach (MC)**

Marcanna iad seo a bhronntar maidir le hábhar staire atá cruinn agus bainteach le hábhar na ceiste a cuireadh.

Roinnfidh an scrúdaitheoir an freagra ina ailt nó a chomhionannas.

D'fhéadfadh sé go gcuimseodh alt nó a chomhionannas pointí dá leithéid seo:

- (i) Réamhrá ábhartha ina dtráchtar ar chúlra an cháis agus/nó ina leagtar síos na téarmaí agus ina mínítear an cur chuige;
- (ii) Eachtra, ré nó céim in ord na n-imeachtaí;
- (iii) Gné de thopaic/shaincheist, le tagairtí fíorasacha tacaíochta;
- (iv) Pointe in argóint nó plé, le tagairtí fíorasacha tacaíochta;
- (v) Míniú coincheapa nó téarma, le tagairtí fíorasacha tacaíochta;
- (vi) Líon ráiteas fíorais suntasach, ábhartha, míniú nó trácht ar féidir, cé nach bhfuil siad nasctha ná ceangailte dá chéile, iad a chur san áireamh agus a mheas mar chomhionannas ailt;
- (vii) Alt nó achoimre mhaith chlabhsúir a mbeadh níos mó ag baint leis ná athrá díreach.

(Achoimre nach bhfuil ann ach athrá = uasmharc 4 mharc)

I ndiaidh na ceiste a roinnt ina hailt nó a gcomhionannas, bronnfaidh an scrúdaitheoir marcanna do gach alt nó a chomhionannas mar seo a leanas:

| | | |
|---|---|---|
| ***Sármhaith:*** | 11-12 mharc | Sárshaothar anailíse, léargais nó tráchtaireachta. Cuireadh in iúl go soiléir, cruinn agus faisnéis shubstaintiúil. |
| ***An-mhaith:*** | 8-10 marc | Ábhar an-mhaith, á chur i láthair go cruinn soiléir. |
| ***Maith***: | 6 mharc-7 marc | Eolas fiúntach, á chur i láthair go maith. |
| ***Réasúnta.*** | 3-5 mharc | Eolas teoranta/ar éigean é á chur in iúl. |
| ***Lag.*** | 0-2 mharc | Fánach/neamhábhartha/botúin thromchúiseacha. |

**Meastóireacht Fhoriomlán (MF)**

Agus marcanna MG á mbronnadh, cuirfidh an scrúdaitheoir san áireamh cé chomh maith agus a láimhseálann an t-iarrthóir an cheist a cuireadh. Beidh an tábla grádaithe a leanas i bhfeidhm:

| | |
|---|---|
| ***Sármhaith:*** | 14-16 marc |
| ***An-mhaith:*** | 11-13 marc |
| ***Maith:*** | 6-10 marc |
| ***Réasúnta:*** | 4-5 mharc |
| ***Lag:*** | 2-3 mharc |
| ***An-lag:*** | 0-1 mharc |

Agus marcanna MG á mbronnadh, níor cheart go mbeadh an scrúdaitheoir ag súil le freagraí níos iomláine ná 40% i gcomparáid leis na freagraí ar na ceisteanna níos faide maidir le topaicí i Roinn 2 agus i Roinn 3.

Leanann an prionsabal seo na marcála de réir ailt (MC agus MG) ar aghaidh trí Ranna 2 agus 3. Tá an coibhneas MC go MG le fanacht mar 60/40 tríd an bpáipéar scrúdaithe.

**_Roinn 2 agus Roinn 3:_**
**_ÉIRE agus EORAIP AGUS AN DOMHAN MÓR (300 marc)_**

I Ranna 2 agus 3, iarrtar ar iarrthóirí freagra a thabhairt ar cheist staire. Marcálfar a bhfreagraí faoi dhá cheannteideal:

**Marc Carnach (MC)** bronnta maidir le hábhar staire atá cruinn agus ag baint le hábhar na ceiste a cuireadh.

Uasmharc MC = 60 marc.

**Meastóireacht Fhoriomlán (MF)** do chaighdeán an fhreagra ar an iomlán i gcomhthéacs na ceiste a cuireadh.

Uasmharc MF = 40 marc.

***An Fhreagra a Mharcáil***

Chun an freagra a mharcáil, rachaidh an scrúdaitheoir i ngleic leis an ábhar go neamhchlaonta maidir le raon na bhfreagraí bailí ar féidir bheith ag súil leo ó iarrthóir ag an leibhéal seo agus le tuiscint ar an raon eolais agus scileanna stairiúla a éilíonn an siollabas. Roinnfidh an scrúdaitheoir an freagra ina ailt nó a chomhionannas:

(i) Réamhrá ábhartha ina dtráchtar ar chúlra an cháis agus/nó ina leagtar síos na téarmaí agus ina mínítear an cur chuige;
(ii) Eachtra, ré nó céim in ord na n-imeachtaí;
(iii) Gné de thopaic/shaincheist, le tagairtí fíorasacha tacaíochta;
(iv) Pointe in argóint nó plé, le tagairtí fíorasacha tacaíochta;
(v) Míniú coincheapa nó téarma, le tagairtí fíorasacha tacaíochta;
(vi) Líon ráiteas fíorais suntasach, ábhartha, míniú nó trácht ar féidir, cé nach bhfuil siad nasctha ná ceangailte dá chéile, iad a chur san áireamh agus a mheas mar chomhionannas ailt;
(vii) Alt nó achoimre mhaith chlabhsúir a mbeadh níos mó ag baint leis ná athrá díreach.

(Achoimre nach bhfuil ann ach athrá = uasmharc 4 mharc)

Bronnfaidh an scrúdaitheoir marcanna do gach alt nó a chomhionannas mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| **Marc Carnach (MC)** | (Uasmharc = 60 marc) |
| ***Sármhaith:*** 11-12 mharc | Sárshaothar anailíse, léargais nó tráchtaireachta. Cuireadh in iúl go soiléir, cruinn agus faisnéis shubstaintiúil. |
| ***An-mhaith:*** 8-10 marc | Ábhar an-mhaith, á chur i láthair go cruinn soiléir. |
| ***Maith***: 6 mharc-7 marc | Eolas fiúntach, á chur i láthair go maith. |
| ***Réasúnta:*** 3-5 mharc | Eolas teoranta/ar éigean é á chur i láthair. |
| ***Lag:*** 0-2 mharc | Fánach/neamhábhartha/botúin thromchúiseacha. |

| | |
|---|---|
| **Meastóireacht Fhoriomlán (MF)** | (Uasmharc = 40 marc) |
| ***Sármhaith:*** 34-40 marc | Sármhaith sa chaoi a ndéileáiltear leis an gceist a cuireadh, go háirithe sa chás go léirítear foghlaim mhionghéar, an-chuid léitheoireachta, cumas anailíse nó tráchtaireacht fhorleitheadach. |
| ***An-mhaith:*** 28-33 marc | An-mhaith – ach gan é a bheith sármhaith – sa chaoi a ndéileáiltear leis an gceist a cuireadh, i.e. cruinn agus cuimsitheach. |
| ***Maith:*** 22-27 marc | Ar chaighdeán maith ó thaobh an chaoi a ndéileáiltear leis an gceist a cuireadh, ach gan é a bheith eisceachtúil maidir leis an eolas ná an tráchtaireacht a cuireadh ar fáil. |
| ***Réasúnta:*** 16-21 marc | Iarracht réasúnta ar an gceist a cuireadh, ach tá fabhtanna inaitheanta,<br>m.sh.: clúdach neamhiomlán, sonraí neamhábhartha, earráidí fíorasacha. |
| ***Lag***: 10-15 mharc | Dona, sa dóigh a dteipeann sé na ceisteanna atá leagtha amach a fhreagairt, ach tá<br>roinnt tuillteanais aige. |
| ***An-lag:*** 0-9 marc | Freagra an-lag nach bhfuil ann, ar an gcuid is fearr de, ach blúiríní eolais. |

Agus marcanna MG á mbronnadh, déanfaidh an scrúdaitheoir feabhas an fhreagra a mheas agus na gnéithe seo a leanas á gcur san áireamh de réir mar is cuí:

- Cá mhéad a léirigh an t-iarrthóir cumas anailís a dhéanamh ar na nithe a bhaineann leis an gceist a cuireadh (i.e. níos mó ná tuairisc reacaireachta sa fhreagra)?
- Cá mhéad a láimhseáil an t-iarrthóir an fhianaise a bhaineann le hábhar a chuireann bonn iontaofa faoina c(h)uid anailíse?
- Cá mhéad a léirigh an t-iarrthóir cumas cúis a chur i láthair agus a theacht ar lón tátail (i.e. an cheist mar a cuireadh í a fhreagairt)?

## ***ROINN 2: ÉIRE***

*Éire: Topaic 1*

**Éire agus an tAontas, 1815-1870**

1. Uasmharc CM = 60 Uasmharc MG = 40
   NÓTA: DHÁ ghné (roimh + i ndiaidh)
   Mura bhfuil ach ceann AMHÁIN, Uasmharc CM = 50

2. Uasmharc CM = 60 Uasmharc MG = 40
   NÓTA: DHÁ ghné (Éire Óg + an Fíníneachas)
   Mura bhfuil ach ceann AMHÁIN, Uasmharc CM = 50

3. Uasmharc CM = 60 Uasmharc MG = 40
   NÓTA: DHÁ ghné (polaitiúil + reiligiúnach)
   Mura bhfuil ach ceann AMHÁIN, Uasmharc CM = 50

4. Uasmharc CM = 60 Uasmharc MG = 40

*Éire: Topaic 2*

**Gluaiseachtaí ar son leasú polaitíochta agus sóisialta, 1870-1914**

1. Uasmharc CM = 60 Uasmharc MG = 40
   NÓTA: DHÁ ghné (Davitt + Larkin)
   Mura bhfuil ach ceann AMHÁIN, Uasmharc CM = 50

2. Uasmharc CM = 60 Uasmharc MG = 40

3. Uasmharc CM = 60 Uasmharc MG = 40
   NÓTA: DHÁ ghné (CLG + Conradh na Gaeilge)
   Mura bhfuil ach ceann AMHÁIN, Uasmharc CM = 50

4. Uasmharc CM = 60 Uasmharc MG = 40

*Éire: Topaic 3*

**Ar thóir an fhlaithis agus tionchar na críochdheighilte, 1912-1949**

1. Uasmharc CM = 60 Uasmharc MG = 40
   NÓTA: DHÁ ghné (teacht chun cinn SF agus meath HR)
   Mura bhfuil ach ceann AMHÁIN, Uasmharc CM = 50

2. Uasmharc CM = 60 Uasmharc MG = 40
   NÓTA: DHÁ ghné (Conradh agus Cogadh Cathartha + an Dara Cogadh Domhanda)
   Mura bhfuil ann ach CEANN AMHÁIN, Uasmhéid de CM = 50

3. Uasmharc CM = 60 Uasmharc MG = 40
   NÓTA: DHÁ ghné (Thuaidh + Theas)
   Mura bhfuil ach ceann AMHÁIN, Uasmharc CM = 50

4. Uasmharc CM = 60 Uasmharc MG = 40

*Éire: Topaic 4*

**Diaspóra na hÉireann, 1840-1966**

1. Uasmharc CM = 60 Uasmharc MG = 40

2. Uasmharc CM = 60 Uasmharc MG = 40
NÓTA: DHÁ ghné (náisiúnachas + aontachas)
Mura bhfuil ach ceann AMHÁIN, Uasmharc CM = 50

3. Uasmharc CM = 60 Uasmharc MG = 40

4. Uasmharc CM = 60 Uasmharc MG = 40
NÓTA: DHÁ ghné (Joe Kennedy + JFK)
Mura bhfuil ach ceann AMHÁIN, Uasmharc CM = 50

*Éire:* Topaic 5

**An pholaitíocht agus an tsochaí i dTuaisceart Éireann, 1949-1993**

1. Uasmharc CM = 60 Uasmharc MG = 40
NÓTA: DHÁ ghné (Brookeborough + O'Neill)
Mura bhfuil ach ceann AMHÁIN, Uasmharc CM = 50

2. Uasmharc CM = 60 Uasmharc MG = 40
NÓTA: DHÁ ghné (Cúil Raithin + teannas i dTuaisceart Éireann)
Mura bhfuil ach ceann AMHÁIN, Uasmharc CM = 50

3. Uasmharc CM = 60 Uasmharc MG = 40

4. Uasmharc CM = 60 Uasmharc MG = 40

*Éire: Topaic 6*

**An rialtas, an geilleagar agus an tsochaí i bPoblacht na hÉireann, 1949-1989**

1. Uasmharc CM = 60 Uasmharc MG = 40

2. Uasmharc CM = 60 Uasmharc MG = 40
NÓTA: DHÁ ghné (fadhbanna + freagairt)
Mura bhfuil ach ceann AMHÁIN, Uasmharc CM = 50

3. Uasmharc CM = 60 Uasmharc MG = 40

4. Uasmharc CM = 60 Uasmharc MG = 40
NÓTA: DHÁ ghné (Robinson agus Meehan)
Mura bhfuil ach ceann AMHÁIN, Uasmharc CM = 50

## ***ROINN 3: AN EORAIP AGUS AN DOMHAN MÓR***

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 1*
**An náisiúnachas agus foirmiú Stát san Eoraip, 1815-1871**

1. Uasmharc CM = 60 Uasmharc MG = 40
NÓTA: DHÁ ghné (Metternich + Marx)
Mura bhfuil ach ceann AMHÁIN, Uasmharc CM = 50

2. Uasmharc CM = 60 Uasmharc MG = 40
NÓTA: DHÁ ghné (Mazzini + Bismarck)
Mura bhfuil ach ceann AMHÁIN, Uasmharc CM = 50

3. Uasmharc CM = 60 Uasmharc MG = 40
NÓTA: DHÁ ghné (sa bhaile agus thar lear)
Mura bhfuil ach ceann AMHÁIN, Uasmharc CM = 50

4. Uasmharc CM = 60 Uasmharc MG = 40

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 2*
**Náisiúnstáit agus teannas idirnáisiúnta, 1871-1920**

1. Uasmharc CM = 60 Uasmharc MG = 40
NÓTA: DHÁ ghné (géarchéimeanna eacnamaíocha + cogadh)
Mura bhfuil ach ceann AMHÁIN, Uasmharc CM = 50

2. Uasmharc CM = 60 Uasmharc MG = 40
NÓTA: DHÁ ghné (sa bhaile agus thar lear)
Mura bhfuil ach ceann AMHÁIN, Uasmharc CM = 50

3. Uasmharc CM = 60 Uasmharc MG = 40

4. Uasmharc CM = 60 Uasmharc MG = 40

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 4*
**Easaontas agus athailíniú san Eoraip, 1945-1992**

1. Uasmharc CM = 60 Uasmharc MG = 40

2. Uasmharc CM = 60 Uasmharc MG = 40
NÓTA: DHÁ ghné (Khrushchev + Gorbachev)
Mura bhfuil ach ceann AMHÁIN, Uasmharc CM = 50

3. Uasmharc CM = 60 Uasmharc MG = 40
NÓTA: DHÁ ghné (An Vatacáin II + Eoin Pól II)
Mura bhfuil ach ceann AMHÁIN, Uasmharc CM = 50

4. Uasmharc CM = 60 Uasmharc MG = 40
NÓTA: DHÁ ghné (dhá cheann ar bith)
Mura bhfuil ach ceann AMHÁIN, Uasmharc CM = 50

*An Eoraip agus an domhan mór:* Topaic 5

**Cúlú na hEorpa ó impireachtaí agus an toradh, 1945-1990**

1. Uasmharc CM = 60 Uasmharc MG = 40
   (NÓTA: Luaigh dhá thír Eorpacha ar a laghad
   Mura bhfuil ach ceann AMHÁIN, Uasmharc CM = 50

2. Uasmharc CM = 60 Uasmharc MG = 40
   NÓTA: DHÁ ghné (Suais + caidreamh idirnáisiúnta)
   Mura bhfuil ann ach CEANN AMHÁIN, Uasmhéid de CM = 50

3. Uasmharc CM = 60 Uasmharc MG = 40

4. Uasmharc CM = 60 Uasmharc MG = 40

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 6*

**Na Stáit Aontaithe agus an domhan, 1945-1989**

1. Uasmharc CM = 60 Uasmharc MG = 40
   NÓTA: DHÁ ghné (Beirlín + Cúba)
   Mura bhfuil ach ceann AMHÁIN, Uasmharc CM = 50

2. Uasmharc CM = 60 Uasmharc MG = 40
   NÓTA: DHÁ ghné (sa bhaile agus thar lear)
   Mura bhfuil ach ceann AMHÁIN, Uasmharc CM = 50

3. Uasmharc CM = 60 Uasmharc MG = 40
   NÓTA: DHÁ ghné (An Aisling Mheiriceánach + an saol i ndáiríre)
   Mura bhfuil ach ceann AMHÁIN, Uasmharc CM = 50

4. Uasmharc CM = 60 Uasmharc MG = 40

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA 2025

# SCÉIM MHARCÁLA

# STAIR
# An Nua-Aois Luath

# ARDLEIBHÉAL

**_Roinn 1: CEIST BUNAITHE AR CHÁIPÉISÍ (CBC) (100 marc)_**

**_1. Léirthuiscint (20 marc)_**

(a) Chun plé a dhéanamh ar phósadh idir an Banphrionsa Máire agus Diúc Orleans 5M

(b) Chuir sé ceist an raibh an banphrionsa dlisteanach 5M

(c) Anne Boleyn 5M

(d) Cruthaíodh bréaga/cuireadh deireadh le mainistreacha/tá coimhlintí reiligiúnacha tagtha chun cinn/cuireadh daoine chun báis/athraíodh dlíthe maithe agus ársa 5M

**_2. Comparáid (20 marc)_**

(a) Léiríonn Doiciméad B níos mó imní faoi leas na ríochta.

I nDoiciméad A tá focail Anraí VIII féin agus pléann sé den chuid is mó le hábhair imní faoi chúrsaí a theaghlaigh féin agus a amhras coinsiasa féin. Smaoiníonn sé faoi thoil Dé agus tá eagla air go bhfuil pionós á ghearradh ag Dia air.

Sa tríú mír deir sé go bhfuil eagla air faoi "leas na ríochta" mar nach bhfuil oidhre fir aige. Deir sé go bhfuil sé ag smaoineamh ar bhean eile a phósadh ar mhaithe le "leas na ríochta uaisle seo". Tá sé amhail is dá raibh sé ag tabhairt údair lena cholscartha trína rá gur chun leasa na ríochta atá sé.

Cáineann údar Dhoiciméad B tionchar an cholscartha ar Shasana agus déanann sé cur síos mionsonraithe ar a thionchar diúltach. Luann Cavendish go leor "drochiarmhairtí" ina measc bréaga a insíodh, dúnadh "mainistreacha uaisle agus ársa", coimhlint reiligiúnach, básuithe, agus athruithe ar dhlíthe Shasana. Creideann sé go bhfuil an ríocht beagnach scriosta agus go bhfuil na drochiarmhairtí fós ann, "níl deireadh leis an bplá fós".

*Marcáil gach doiciméad ar scála aistritheach as 5:*

| | | |
|---|---|---|
| Sármhaith = 5 mharc | An-mhaith = 4 mharc | Maith = 3 mharc |
| Réasúnta = 2 mharc | Lag = 0-1 mharc | 10M |

Freagra ag tagairt do cháipéis amháin = 5 mharc ar a mhéad

(b) D’fhéadfaí tábhacht an rí ag an am sin a léiriú i bpointí ar nós:

Doiciméad A

- Déanann taidhleoirí idirbheartaíocht ar phóstaí idir teaghlaigh ríoga Eorpacha a sheiceálann oiriúnacht agus stádas na bpáirtithe ionchasacha. Baineann tábhacht mhór pholaitiúil agus idirnáisiúnta leis na póstaí sin.
- Creideann Anraí VIII anois go bhfuil fearg ar Dhia gur phós sé bean a dhearthár agus dá bhrí sin gur ghearr sé phionós air trí gan aon oidhrí fir a chur chuige. Léiríonn sé sin an tuiscint thar fóir atá ag Henry ar a thábhacht féin.
- Creideann Anraí go bhfuil leas na ríochta faoi bhagairt dhíreach mar gheall nach bhfuil oidhre fir ann. Tá eagla air roimh éagobhsaíocht agus contúirt mura mbeidh mac aige le teacht i gcomharbas air. Braitheann leas na ríochta ar leas an rí.
- Ós rud é nár scríobh Cavendish a chuntas ar an gcolscaradh go dtí i ndiaidh bhás Anraí, tugtar le tuiscint go raibh an iomarca eagla ar an scríbhneoir roimh an rí le scríobh faoin gcolscaradh le linn shaol Anraí. Léiríonn sé sin cumhacht agus tábhacht Anraí VIII, a dhéileáil lena chuid naimhde trí hiad a chur chun báis.

Doiciméad B

- Léiríonn Cavendish tábhacht na monarcachta trí chur síos a dhéanamh ar an méid a fheiceann sé mar thionchar diúltach Anraí VIII ar Shasana.
- Mar gheall ar ghrá “amaideach” Anraí VIII, scriosadh an ríocht ar go leor bealaí. Dúnadh mainistreacha, rud a fhágann nach bhfaighidh na boicht an fhóirithint ba ghnách leo a chur ar fáil. Fuair go leor daoine bás mar thoradh ar choimhlintí reiligiúnacha agus cur chun báis.
- Mar gheall ar “thoil agus mian thoilteanach” an rí tá an ríocht uasal beagnach scriosta.
- Maireann tionchar ghníomhartha an rí i bhfad níos faide ná é féin, rud a léiríonn tábhacht an rí sa tsochaí. Bhí an “grá marfach” do Anne Boleyn thart roimh i bhfad ach níl “an phlá” de dheasca dhiongbháilteacht an rí colscaradh a fháil ó Catherine agus Anne a phósadh “thart fós” fiú i ndiaidh blianta fada.

*Marcáil gach doiciméad ar scála aistritheach as 5:*

| | | |
|---|---|---|
| Sármhaith = 5 mharc | An-mhaith = 4 mharc | Maith = 3 mharc |
| Réasúnta = 2 mharc | Lag = 0-1 mharc | 10M |

Freagra ag tagairt do cháipéis amháin = 5 mharc ar a mhéad

***3. Cáineadh (20 marc)***

(a) Is féidir leagan an rí de na himeachtaí a fheiceáil mar leagan áititheach agus/nó neamh-áititheach.

I measc pointí tacaíochta eile tá:

- Labhraíonn an rí go hionraic faoina amhras agus faoina thrioblóidí. Bhí imní air faoi fhocail ambasadóir na Fraince, nuair a cheistigh sé dlisteanacht a iníne. Tá mothú ciontachta ag cur isteach ar a choinsias agus tá eagla go bhfuil pionós á ghearradh ag Dia air. Measann sé gurb é leas na ríochta a phríomhfhócas agus ní míshástacht ar bith lena bhean chéile.
- Tá focail an rí féinchúiseach agus bréagchráifeach. Úsáideann sé focail ambasadóir na Fraince, a eagla líomhnaithe go bhfuil pionós á ghearradh ag Dia air agus a imní dhealraitheach faoi leas na ríochta mar leithscéal le colscaradh a fháil ón mbean chéile a mheasann sé nach bhfuil sí ábalta oidhre fir a bhreith.
- Léiríonn tionchar ghníomhartha Anraí agus é ag dearbhú gurb eisean féin ceann na heaglaise, ag dúnadh agus ag coigistiú shaibhreas na mainistreacha, agus ag cur chun báis iad siúd a bhí ina choinne (e.g. Thomas More) nach raibh imní air faoi leas a ríochta ach gur chonaic sé bealach chun a chumhacht agus a shaibhreas féin a mhéadú.

*Marcáil an freagra ar scála aistritheach as 10:*

| | | |
|---|---|---|
| Sármhaith = 9-10 marc | An-mhaith = 7-8 marc | Maith = 5-6 mharc |
| Réasúnta = 3-4 mharc | Lag = 0-2 mharc | 10M |

(b) Ní bheadh an doiciméad foilsithe le linn shaol Anraí.

I measc pointí tacaíochta eile tá:

- Cáineann an doiciméad Anraí VIII go mór ar leibhéal pearsanta, ag cur síos air mar dhuine ceanndána/stuacach agus ag rá go raibh a oibseisiún le Anne Boleyn ina "ghrá amaideach". Tugann sé le fios go raibh Anraí VIII guagach, "níor mhair an grá marfach ach tamall gearr".
- Tá an doiciméad an-cháinteach freisin faoi thionchar ghníomhartha Anraí VIII ar Shasana, ag cur síos ar scrios na mainistreacha, ar an gcoimhlint reiligiúnach agus ar na básuithe a tharla mar gheall ar Anraí VIII. Cuireann sé i leith an rí go bhfuil an ríocht beagnach scriosta aige, rud a mheasfaí mar thréas le linn shaol Anraí.
- Níor ghlac Anraí le cáineadh ná cur i gcoinne a mhianta. Chuir sé beirt dá mhná céile, agus cúirtéirí tábhachtacha ar nós Thomas More agus Thomas Cromwell, srl. chun báis. Ní bheadh sé de mhisneach ag Cavendish cuntas dá den chineál atá i nDoiciméad D a fhoilsiú le linn shaol Henry.

*Marcáil an freagra ar scála aistritheach as 10:*

| | | |
|---|---|---|
| Sármhaith = 9-10 marc | An-mhaith = 7-8 marc | Maith = 5-6 mharc |
| Réasúnta = 3-4 mharc | Lag = 0-2 mharc | 10M |

***4. Comhthéacsú (40 marc)***

Cad iad na céimeanna a ghlac Anraí VIII chun deireadh a chur lena phósadh le Caitríona Aragon agus cén tábhacht a bhain leo do Shasana?

I gceist 4, tosaítear le marcáil de réir ailt.

**Marc Carnach** = Uasmharc 24 marc **Meastóireacht Fhoriomlán** = 16 marc ar a mhéad

**Marc Carnach (MC)**
Marcanna iad seo a bhronntar maidir le hábhar staire atá cruinn agus ábhartha le hábhar na ceiste.

Roinnfidh an scrúdaitheoir an freagra ina ailt nó a chomhionannas.
D'fhéadfadh sé go gcuimseodh alt nó a chomhionannas pointí dá leithéid seo:

- (i) Réamhrá ábhartha ina dtráchtar ar chúlra an cháis agus/nó ina leagtar síos na téarmaí agus ina mínítear an cur chuige;
- (ii) Eachtra, ré nó céim in ord na n-imeachtaí;
- (iii) Gné de thopaic/shaincheist, le tagairtí fíorasacha tacaíochta;
- (iv) Pointe in argóint nó plé, le tagairtí fíorasacha tacaíochta;
- (v) Míniú coincheapa nó téarma, le tagairtí fíorasacha tacaíochta;
- (vi) Líon ráiteas fíorais suntasach, ábhartha, míniú nó trácht ar féidir, cé nach bhfuil siad nasctha ná ceangailte dá chéile, iad a chur san áireamh agus a mheas mar chomhionannas ailt;
- (vii) Alt nó achoimre mhaith chlabhsúir a mbeadh níos mó ag baint leis ná athrá díreach.

(Achoimre nach bhfuil ann ach athrá = uasmharc 4 mharc)
I ndiaidh na ceiste a roinnt ina hailt nó a gcomhionannas, bronnfaidh an scrúdaitheoir marcanna do gach alt nó a chomhionannas mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| ***Sármhaith:*** 11-12 mharc | Sárshaothar anailíse, léargais nó tráchtaireachta. Cuireadh in iúl go soiléir, cruinn agus faisnéis shubstaintiúil. |
| ***An-mhaith:*** 8-10 marc | Ábhar an-mhaith, á chur i láthair go cruinn soiléir. |
| ***Maith***: 6 mharc-7 marc | Eolas fiúntach, á chur i láthair go maith. |
| ***Réasúnta:*** 3-5 mharc | Eolas teoranta/ar éigean é á chur in iúl. |
| ***Lag:*** 0-2 mharc | Fánach/neamhábhartha/botúin thromchúiseacha. |

**Meastóireacht Fhoriomlán (MF)**

Agus marcanna MG á mbronnadh, cuirfidh an scrúdaitheoir san áireamh cé chomh maith agus a láimhseálann an t-iarrthóir an cheist a cuireadh. Beidh an tábla grádaithe a leanas i bhfeidhm:

***Sármhaith:*** 14-16 marc

***An-mhaith:*** 11-13 marc

***Maith:*** 6-10 marc

***Réasúnta:*** 4-5 mharc

***Lag:*** 2-3 mharc

***An-lag:*** 0-1 mharc

Agus marcanna MG á mbronnadh, níor cheart go mbeadh an scrúdaitheoir ag súil le freagraí níos iomláine ná 40% i gcomparáid leis na freagraí ar na ceisteanna níos faide maidir le topaicí i Roinn 2 agus i Roinn 3.

Leanann an prionsabal seo na marcála de réir ailt (MC agus MG) ar aghaidh trí Ranna 2 agus 3. Tá an coibhneas MC go MG le fanacht mar 60/40 tríd an bpáipéar scrúdaithe.

***Roinn 2 agus Roinn 3:***
***ÉIRE agus EORAIP AGUS AN DOMHAN MÓR (300 marc)***

I Ranna 2 agus 3, iarrtar ar iarrthóirí freagra a thabhairt ar cheist staire. Marcálfar a bhfreagraí faoi dhá cheannteideal:

**Marc Carnach (MC)** bronnta maidir le hábhar staire atá cruinn agus ag baint le hábhar na ceiste a cuireadh.

Uasmharc MC = 60 marc.

**Meastóireacht Fhoriomlán (MF)** do chaighdeán an fhreagra ar an iomlán i gcomhthéacs na ceiste a cuireadh.

Uasmharc MF = 40 marc.

***An Fhreagra a Mharcáil***

Chun an freagra a mharcáil, rachaidh an scrúdaitheoir i ngleic leis an ábhar go neamhchlaonta maidir le raon na bhfreagraí bailí ar féidir bheith ag súil leo ó iarrthóir ag an leibhéal seo agus le tuiscint ar an raon eolais agus scileanna stairiúla a éilíonn an siollabas. Roinnfidh an scrúdaitheoir an freagra ina ailt nó a chomhionannas:

(i) Réamhrá ábhartha ina dtráchtar ar chúlra an cháis agus/nó ina leagtar síos na téarmaí agus ina mínítear an cur chuige;
(ii) Eachtra, ré nó céim in ord na n-imeachtaí;
(iii) Gné de thopaic/shaincheist, le tagairtí fíorasacha tacaíochta;
(iv) Pointe in argóint nó plé, le tagairtí fíorasacha tacaíochta;
(v) Míniú coincheapa nó téarma, le tagairtí fíorasacha tacaíochta;
(vi) Líon ráiteas fíorais suntasach, ábhartha, míniú nó trácht ar féidir, cé nach bhfuil siad nasctha ná ceangailte dá chéile, iad a chur san áireamh agus a mheas mar chomhionannas ailt;
(vii) Alt nó achoimre mhaith chlabhsúir a mbeadh níos mó ag baint leis ná athrá díreach.

(Achoimre nach bhfuil ann ach athrá = uasmharc 4 mharc)

Bronnfaidh an scrúdaitheoir marcanna do gach alt nó a chomhionannas mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| **Marc Carnach (MC)** | (Uasmharc = 60 marc) |
| ***Sármhaith:*** 11-12 mharc | Sárshaothar anailíse, léargais nó tráchtaireachta. Cuireadh in iúl go soiléir, cruinn agus faisnéis shubstaintiúil. |
| ***An-mhaith:*** 8-10 marc | Ábhar an-mhaith, á chur i láthair go cruinn soiléir. |
| ***Maith***: 6 mharc-7 marc | Eolas fiúntach, á chur i láthair go maith. |
| ***Réasúnta.*** 3-5 mharc | Eolas teoranta/ar éigean é á chur i láthair. |
| ***Lag.*** 0-2 mharc | Fánach/neamhábhartha/botúin thromchúiseacha. |

| | |
|---|---|
| **Meastóireacht Fhoriomlán (MF)** | (Uasmharc = 40 marc) |
| ***Sármhaith:*** 34-40 marc | Sármhaith sa chaoi a ndéileáiltear leis an gceist a cuireadh, go háirithe sa chás go léirítear foghlaim mhionghéar, an-chuid léitheoireachta, cumas anailíse nó tráchtaireacht fhorleitheadach. |
| ***An-mhaith:*** 28-33 marc | An-mhaith – ach gan é a bheith sármhaith – sa chaoi a ndéileáiltear leis an gceist a cuireadh, i.e. cruinn agus cuimsitheach. |
| ***Maith:*** 22-27 marc | Ar chaighdeán maith ó thaobh an chaoi a ndéileáiltear leis an gceist a cuireadh, ach gan é a bheith eisceachtúil maidir leis an eolas ná an tráchtaireacht a cuireadh ar fáil. |
| ***Réasúnta:*** 16-21 marc | Iarracht réasúnta ar an gceist a cuireadh, ach tá fabhtanna inaitheanta,<br>m.sh.: clúdach neamhiomlán, sonraí neamhábhartha, earráidí fíorasacha. |
| ***Lag***: 10-15 mharc | Dona, sa dóigh a dteipeann sé na ceisteanna atá leagtha amach a fhreagairt, ach tá<br>roinnt tuillteanais aige. |
| ***An-lag:*** 0-9 marc | Freagra an-lag nach bhfuil ann, ar an gcuid is fearr de, ach blúiríní eolais. |

Agus marcanna MG á mbronnadh, déanfaidh an scrúdaitheoir feabhas an fhreagra a mheas agus na gnéithe seo a leanas á gcur san áireamh de réir mar is cuí:

- Cá mhéad a léirigh an t-iarrthóir cumas anailís a dhéanamh ar na nithe a bhaineann leis an gceist a cuireadh (i.e. níos mó ná tuairisc reacaireachta sa fhreagra)?

- Cá mhéad a láimhseáil an t-iarrthóir an fhianaise a bhaineann le hábhar a chuireann bonn iontaofa faoina c(h)uid anailíse?

- Cá mhéad a léirigh an t-iarrthóir cumas cúis a chur i láthair agus a theacht ar lón tátail (i.e. an cheist mar a cuireadh í a fhreagairt)?

## ***ROINN 2: ÉIRE***

*Éire: Topaic 1*

**Leasú agus Reifirméisean in Éirinn na dTúdarach, 1494-1558**

1. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MF = 40
   NÓTA: DHÁ ghné (Gearóid Mór + Gearóid Óg)
   Mura bhfuil ach ceann AMHÁIN, Uasmharc MC = 50

2. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MF = 40

3. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MF = 40

4. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MF = 40
   NÓTA: DHÁ ghné Mura bhfuil ach ceann AMHÁIN, Uasmharc MC = 50

*Éire: Topaic 2*

**Éirí amach agus concas in Éirinn i réimeas Eilíse, 1558-1603**

1. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MF = 40
   NÓTA: DHÁ ghné (Baile Átha Cliath + an Pháil)
   Mura bhfuil ach ceann AMHÁIN, Uasmharc MC = 50

2. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MF = 40
   NÓTA: DHÁ ghné (Creagh + Magrath)
   Mura bhfuil ach ceann AMHÁIN, Uasmharc MC = 50

3. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MF = 40

4. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MF = 40
   NÓTA: DHÁ ghné Mura bhfuil ach ceann AMHÁIN, Uasmharc MC = 50

*Éire: Topaic 3*

**An ríocht in aghaidh na coilíneachta – an streachailt don lámh in uachtar in Éirinn, 1603-1660**

1. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MF = 40
   NÓTA: TRÍ ghné (polaitiúil, eacnamaíoch agus reiligiúnach)
   Mura bhfuil ann ach DHÁ cheann, Uasmharc MC = 50
   Mura bhfuil ann ach ceann AMHÁIN, Uasmharc MC = 40

2. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MF = 40
   NÓTA: DHÁ ghné (cén fáth + cén fhoirm)
   Mura bhfuil ach ceann AMHÁIN, Uasmharc MC = 50

3. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MF = 40
   NÓTA: DHÁ ghné (gníomhartha + údar)
   Mura bhfuil ann ach ceann AMHÁIN, Uasmhéid. MC = 50

4. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MF = 40
   NÓTA: DHÁ ghné Mura bhfuil ach ceann AMHÁIN, Uasmharc MC = 50

*Éire: Topaic 4*

**Cinsealacht choilíneachta á bunú, 1660-1715**

1. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MF = 40
   NÓTA: DHÁ ghné (Caitlicigh + Protastúnaigh)
   Mura bhfuil ach ceann AMHÁIN, Uasmharc MC = 50

2. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MF = 40
   NÓTA: TRÍ ghné (aidhmeanna, céimeanna agus teip)
   Mura bhfuil ann ach DHÁ cheann, Uasmharc MC = 50
   Mura bhfuil ann ach ceann AMHÁIN, Uasmharc MC = 40

3. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MF = 40
   NÓTA: DHÁ ghné Mura bhfuil ach ceann AMHÁIN, Uasmharc MC = 50

4. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MF = 40
   NÓTA: DHÁ ghné (Ó Bruadair + filí Seacaibíteacha)
   Mura bhfuil ach ceann AMHÁIN, Uasmharc MC = 50

*Éire: Topaic 5*

**Coilíneacht v. An ríocht - teannas in Éirinn i lár an 18ú haois, 1715-1770**

1. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MF = 40
   NÓTA: DHÁ ghné (Náisiún Protastúnach + Ponsonbys)
   Mura bhfuil ach ceann AMHÁIN, Uasmharc MC = 50

2. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MF = 40
   NÓTA: DHÁ ghné (cúiseanna + éifeachtacht)
   Mura bhfuil ach ceann AMHÁIN, Uasmharc MC = 50

3. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MF = 40
   NÓTA: DHÁ ghné Mura bhfuil ach ceann AMHÁIN, Uasmharc MC = 50

4. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MF = 40

*Éire: Topaic 6*

**Deireadh na ríochta Éireannaí agus bunú an Aontais, 1770-1815**

1. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MF = 40
   NÓTA: DHÁ ghné (Tírghráthóirí + Oibrithe Deonacha)
   Mura bhfuil ach ceann AMHÁIN, Uasmharc MC = 50

2. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MF = 40

3. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MF = 40
   NÓTA: DHÁ ghné (Éireannaigh Aontaithe + an tOrd Oráiste)
   Mura bhfuil ach ceann AMHÁIN, Uasmharc MC = 50

4. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MF = 40
   NÓTA: DHÁ ghné Mura bhfuil ach ceann AMHÁIN, Uasmharc MC = 50

## *ROINN 3: AN EORAIP AGUS AN DOMHAN MÓR*

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 2*

**Creideamh agus cumhacht: an pholaitíocht sa 16ú haois dhéanach, 1567-1609**

1. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MF = 40
   NÓTA: DHÁ ghné (an Ísiltír +an Armáid)
   Mura bhfuil ach ceann AMHÁIN, Uasmharc MC = 50

2. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MF = 40

3. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MF = 40
   NÓTA: DHÁ ghné
   Mura bhfuil ach ceann AMHÁIN, Uasmharc MC = 50

4. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MF = 40

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 3*

**Dul ar gcúl na Sean-Eorpa, 1609-1660**

1. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MF = 40
   NÓTA: DHÁ ghné (cén fáth + cailleadh)
   Mura bhfuil ach ceann AMHÁIN, Uasmharc MC = 50

2. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MF = 40
   NÓTA: DHÁ ghné (An Fhrainc + an Eoraip)
   Mura bhfuil ach ceann AMHÁIN, Uasmharc MC = 50

3. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MF = 40

4. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MF = 40

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 4*

**An Eoraip le linn ré Louis XIV, 1660-1715**

1. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MF = 40

2. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MF = 40
   NÓTA: DHÁ ghné (nuachóirigh + leathnaigh)
   Mura bhfuil ach ceann AMHÁIN, Uasmharc MC = 50

3. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MF = 40
   NÓTA: DHÁ ghné (gníomhaíochtaí + tionchar)
   Mura bhfuil ach ceann AMHÁIN, Uasmharc MC = 50

4. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MF = 40

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 5*
**Impireachtaí á mbunú, 1715-1775**

1. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MF = 40

2. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MF = 40
NÓTA: DHÁ ghné (sa bhaile agus thar lear)
Mura bhfuil ach ceann AMHÁIN, Uasmharc MC = 50

3. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MF = 40
NÓTA: DHÁ ghné (saol + trádáil)
Mura bhfuil ach ceann AMHÁIN, Uasmharc MC = 50

4. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MF = 40
NÓTA: DHÁ ghné (Franklin + Cóisir Tae)
Mura bhfuil ach ceann AMHÁIN, Uasmharc MC = 50

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 6*
**Impireachtaí faoi réabhlóid, 1715-1775**

1. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MF = 40

2. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MF = 40

3. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MF = 40

4. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MF = 40

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

*Marcanna Breise as ucht freagairt trí Ghaeilge*

Léiríonn an tábla thíos an méid marcanna breise ba chóir a bhronnadh ar iarrthóirí a ghnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna.

N.B. Ba chóir marcanna de réir an ghnáthráta a bhronnadh ar iarrthóirí nach ngnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna don scrúdú.  Ba chóir freisin an marc bónais sin **a shlánú síos**.

## *Tábla 400 @ 10%*

Bain úsáid as an tábla seo i gcás na n-ábhar a bhfuil 400 marc san iomlán ag gabháil leo agus inarb é 10% gnáthráta an bhónais.

Bain úsáid as an ngnáthráta i gcás 300 marc agus faoina bhun sin.  Os cionn an mharc sin, féach an tábla thíos.

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 301 - 303 | 29 |
| 304 - 306 | 28 |
| 307 - 310 | 27 |
| 311 - 313 | 26 |
| 314 - 316 | 25 |
| 317 - 320 | 24 |
| 321 - 323 | 23 |
| 324 - 326 | 22 |
| 327 - 330 | 21 |
| 331 - 333 | 20 |
| 334 - 336 | 19 |
| 337 - 340 | 18 |
| 341 - 343 | 17 |
| 344 - 346 | 16 |
| 347 - 350 | 15 |

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 351 - 353 | 14 |
| 354 - 356 | 13 |
| 357 - 360 | 12 |
| 361 - 363 | 11 |
| 364 - 366 | 10 |
| 367 - 370 | 9 |
| 371 - 373 | 8 |
| 374 - 376 | 7 |
| 377 - 380 | 6 |
| 381 - 383 | 5 |
| 384 - 386 | 4 |
| 387 - 390 | 3 |
| 391 - 393 | 2 |
| 394 - 396 | 1 |
| 397 - 400 | 0 |